

Cad Chuige Nach nGlacfaí leis an “bPósadh” Comhghnéis?

Bileog 3 Phointe

1) Bob á bhualadh, robach, díth céille

Ní dhéanfaidh ach 0.3% den phobal mór an “pósadh” comhghnéis, má dhéantar dleathach é. Ní mhaireann sé, ar meán, ach idir 1½ agus 3 de bhlianta. Ní fhéadfaidh ach fear agus bean le chéile leanbh a choimpeart, ní fhéadfaidh beirt fhear le chéile, ná beirt bhan le chéile é sin a dhéanamh. Ní bhaineann gealltanas dílseachta leis an “bpósadh” comhghnéis. Ní bhaineann tiomantas saoil leis. Is minic nach mbíonn páirtneírí an “phósta” comhghnéis go fiú in aontíos. Ní oireann an ghearrthéarmacht don duine. Tá rialaithe ag an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine nach bhfuil an Fhionlainn ag sárú an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta Daonna i dtaobh gan an “pósadh” comhghnéis a cheadú. Meabhraíonn an rialú sin gurb é rud is pósadh ann, de réir an Choinbhinsiúin sin, pósadh fir agus mná le chéile, agus nach bhfuil comhdhearcadh san Eoraip ar son an “phósta” comhghnéis, tharla gan é a bheith dleathach ach mar seo a leanas: i 13 gcinn de na 27 mBallstát san Aontas Eorpach; i 13 gcinn de na 47 mBallstát i gComhairle na hEopra; i 20 tír de na 200 tír sa *CIA World Factbook*; i 20 tír de na 192 thír sna Náisiún Aontaithe.

2) Ní beart trua dáiríre is ea vótáil leis an “bpósadh” comhghnéis. Is baol do shláinte agus do bheatha daoine homaighnéasacha é; níl sé ar leas leanaí go ndéanfaidh beirteanna homaighnéasach iad a uchtáil; b’ionann sin agus na leanaí a chur ar bhealach a n-aimhleasa. I gcoinne an “phósta” comhghnéis atá formhór na ndaoine ina gcróí istigh. Tá a fhios acu gur mó i bhfad an baol VEID [*HIV*] atá ar dhaoine homaighnéasacha gníomhacha, agus gur mó i bhfad an baol atá ann go dtiocfaidh ailsí ar dhaoine homaighnéasacha gníomhacha, gurb óige ina saol a thagann siad orthu seo, agus gur giorra de 20 bliain, ar meán, réim a saoil. Is maith a thuigeann daoine gur mó is sábháilte leanbh faoi chúram fir agus mná atá pósta le chéile, tuismitheoirí an linbh, más féidir é, ach an bheirt acu a bheith fós ina mbeatha. Bíonn gá ag leanbh le dea-thimpeallacht mhorálta shábháilte, agus le socracht, agus is miste don leanbh cur isteach mór gach uile 1½ de bhlianta nó 3 bliana.

3) Géarleanúint an toradh, srianadh mór ar shaoirse thuairimíocht agus chreidimh; is é an cuspóir ó dheireadh an pósadh a chur de dhroim seoil.

Má dhéantar dleathach an “pósadh” comhghnéis, tabharfar isteach láithreach reachtaíocht ina gcoinne seán nach n-aontaíonn leis, agus cuirfear srianta móra ar a saoirse thuairimíochta agus chreidimh. Tá sé sin tarlaithe cheana féin i dTuaisceart Éireann, i gCeanada, sna Stáit Aontaithe, i gCríoch Lochlann, i Sasana, agus in Albain. Is é rud a theastaíonn ón ngluaiseacht homaighnéasachais an pósadh a chur de dhroim seoil — rud scanrúil.

Comhghuaillíocht Cosanta an Teaghlaigh agus an Phósta a d’eisigh

www.adfam.ie

SÍNTIÚIS CHUIGE SEO
Bank of Ireland, Tír an Iúir, Baile Átha Cliath 6
Ainm an Chuntais: Alliance for the Defence of the Family and Marriage [ADFAM]
Uimhir an Chuntais: 66065456 IBAN No. IE41 BOFI 9002 5266 0654 56 BIC No.: BOFIII2D